# Amharc-ealaín na Sraithe Sóisearaí: An chéad bhliain

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

Snáithe: **Ealaín**

Téama: An Dúlra

## Ag díriú ar thorthaí foghlama

**Ba chóir go mbeadh sé ar chumas an scoláire:**

**2.4** A thaispeáint gur féidir leis a líníochtaí a úsáid le breathnú, le taifeadadh agus le hanailísiú

**1.7** Modh roinnt ealaíontóirí agus an saothar ealaíne a chruthaigh siad a scrúdú

**1.14** Meáin a úsáid chun a shaothar ealaíne féin a chruthú

**1.15** Léirmheas a dhéanamh ar an rogha meán ina shaothar féin nó i saothar daoine eile

## Cuspóirí foghlama*

**Táim ag foghlaim chun:**

- Iniúchadh a dhéanamh ar líne trí theicnící marc-chruthaithe éagsúla ag úsáid raon meán
- Féachaint ar shaothar ealaíne ábhartha, freagairt dó agus é a mheas
- Dealbh sreinge a fhorbairt agus a chur i gcrích
- Machnamh a dhéanamh ar an bpróiseas

## An comhthéacs teagaisc agus foghlama

Seo grúpa scoláirí cumais mheasctha as an gcéad bhliain. Ba é seo a gcéad tionscadal ealaíne. Cuireadh an ghné ealaíne de líne in aithne dóibh sa tasc seo. Rinneadh iniúchadh air sin trí pheann luaidhe, peann, craein chéarach agus péint uiscedhatha. Cuireadh an stair a bhaineann leis an dealbhóireacht sreinge in aithne do scoláirí freisin agus d'fhéach siad ar dhealbhóirí sreinge ar chur i láthair PowerPoint.

## Tasc

Dealbh sreinge a dhéanamh bunaithe ar líníochtaí breathnaitheacha duilleoige

## Critéir rathúlachta**

**CR1:** Bunfhoinse oiriúnach a shainaithint

**CR2:** Línelíníochtaí éagsúla a dhéanamh

**CR3:** Rogha teicnící agus meán a úsáid

**CR4*:** Cur síos agus anailís a dhéanamh ar shaothar ealaíne ábhartha agus tuairim a thabhairt maidir leis

**CR5:** Dealbh sreinge a dhéanamh ag úsáid teicnící tógála éagsúla bunaithe ar mo líníochtaí

**CR6:** Machnamh ar mo shaothar

* Cad ba cheart a bheith ar eolas ag an scoláire, an tuiscint atá aige agus cad ba cheart dó a bheith in ann a dhéanamh ag deireadh an cheachta nó sraith ceachtanna

** Achoimre ar na príomhchéimeanna nach mór don scoláire a chomhlíonadh ionas go n-éireoidh leis sa tasc

## Nótaí an mhúinteora ag úsáid na gcritéar rathúlachta

Tugtar an méid atá tugtha faoi deara ag an múinteoir le chéile sna nótaí, ag úsáid na gcritéar rathúlachta, féachaint leis an leibhéal gnóthachtála atá i gceist sa saothar seo a dhéanamh amach. Dheimhnigh grúpa um Dhearbhú Cáilíochta, ina raibh múinteoirí atá istigh sa rang agus ionadaithe as CNCM, an Chigireacht, Coimisiún na Scrúduithe Stáit agus seirbhís tacaíochta na Sraithe Sóisearaí do Mhúinteoirí na nótaí agus na breithiúnais.

## Chomhlíon an scoláire na critéir rathúlachta go léir mar:

**CR1:** d'éirigh leis an scoláire bunfhoinsí oiriúnacha a shainaithint

**CR2:** rinne sé líníochtaí agus cuimilteáin ghothacha éagsúla a bhí go maith

**CR3:** is léir go ndearna sé dul chun cinn leis an marc-chruthú agus le scileanna líníochta

**CR4**✣ **:** tá an bhileog oibre críochnaithe ar fad. Tugtar freagraí pearsanta agus cruinne

**CR5:** léiríonn an píosa atá curtha i gcrích an líníocht bhreathnaitheach agus úsáideadh teicnící sreinge éagsúla go héifeachtach

**CR6:** tá an machnamh pearsanta, ábhartha agus inniúil

✣ I ndiaidh dó machnamh a dhéanamh, chinn an múinteoir go bhféadfaí na ceisteanna ar an mbileog oibre a dhíriú níos mó ar smaointeoireacht d'ord níos airde agus déanfar é sin an chéad uair eile

**Breithiúnas foriomlán:** **Os cionn na n-ionchas**